CINNEADH (CBES) 2020/1639 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Samhain 2020

lena mbunaítear na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe Airteagal 46(6) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach ([1]), go háirithe Airteagal 4(2)(g) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Samhain 2016, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i réimse na slándála agus na cosanta, lena gcinntear leibhéal uaillmhéine an Aontais, mar thacaíocht do thrí thosaíocht straitéiseacha a shainaithnítear sa Straitéis sin: (a) freagairt do choinbhleachtaí agus do ghéarchéimeanna seachtracha; (b) acmhainní comhpháirtithe a fhothú; agus (c) an tAontas agus a shaoránaigh a chosaint.

(2) Sna conclúidí uaithi maidir le slándáil agus cosaint i gcomhthéacs Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh, a glacadh an 19 Samhain 2018, dúirt an Chomhairle freisin ach aghaidh a thabhairt ar na riachtanais slándála agus chosanta atá ag an Eoraip faoi láthair agus a bheidh aici amach anseo, go gcuirfidh an tAontas lena chumas gníomhú mar sholáthraí slándála agus lena neamhspleáchas straitéiseach, agus go gcabhróidh sé lena chumas comhoibriú le comhpháirtithe.

(3) San 11ú mír d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bhFógra ([2]) maidir le PESCO chuig an gComhairle agus chuig Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí"), an 13 Samhain 2017, sonraíodh nach mór do na gealltanais is ceangailtí a bheith ina rannchuidiú chun leibhéal uaillmhéine an Aontais a bhaint amach, de réir mar a shainmhínítear é sna conclúidí ón gComhairle an 14 Samhain 2016, a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach i mí na Nollag 2016, agus neamhspleáchas straitéiseach mhuintir na hEorpa agus an Aontais araon a neartú ar an gcaoi sin.

(4) An 11 Nollaig 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2315.

(5) An 25 Meitheamh 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/909 ([3]) lena mbunaítear tacar coiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO.

(6) Foráiltear le pointe (g) d'Airteagal 4(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 go mbunóidh an Chomhairle in am trátha, i gcomhréir le hAirteagal 9(1) den Chinneadh sin, na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO.

(7) Foráiltear le hAirteagal 9(1) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 go bhféadfar a áireamh leis an gcinneadh sin atá le glacadh ag an gComhairle i dtaobh na gcoinníollacha ginearálta sin teimpléad le haghaidh socruithe riaracháin le tríú Stáit.

(8) San fhomhír dheireanach, de mhír 2.1.1, d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bhFógra maidir le PESCO chuig an gComhairle agus chuig an Ardionadaí, ina raibh tograí maidir le rialachas PESCO, sonraíodh go gcaithfeadh tríú Stáit a d'fhéadfadh cuireadh eisceachtúil a fháil ó rannpháirtithe sa tionscadal breisluach suntasach a chur leis an tionscadal, rannchuidiú le neartú PESCO agus an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) agus gealltanais is ceangailtí a chomhlíonadh. Sonraíodh ann freisin nach ionann cuireadh a thabhairt do thríú Stáit agus cumhachtaí cinnteoireachta maidir le rialachas PESCO a dheonú dóibh.

(9) In Airteagal 9(2) agus (3) de Chinneadh (CBES) 2017/2315, déantar foráil go gcinnfidh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 46(6) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) an gcomhlíonann tríú stát, ar stát é ar mian leis na Ballstáit rannpháirteacha atá páirteach i dtionscadail cuireadh a thabhairt dó páirt a ghlacadh sa tionscadal sin, na ceanglais a leagtar amach sa Chinneadh seo, agus tar éis cinneadh dearfach ón gComhairle go bhféadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha atá páirteach i dtionscadal dul i mbun socruithe riaracháin leis an tríú Stát lena mbaineann chun críoch an Stát sin páirt a ghlacadh sa tionscadal sin. Ní mór nósanna imeachta agus neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais a urramú sna socruithe sin.

([1]) IO L 331, 14.12.2017, lch. 57.
([2]) IO L 331, 14.12.2017, lch. 65.
([3]) Cinneadh (CBES) 2018/909 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 lena mbunaítear tacar coiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO (IO L 161, 26.6.2018, lch. 37).

(10) Ba cheart comhsheasmhacht a bheith ann idir na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi chuimsiú PESCO maille le gníomhaíochtaí eile CBES agus beartais eile de chuid an Aontais.

(11) Ní hionann rannpháirtíocht tríú Stáit i dtionscadal PESCO agus rochtain a bheith ag eintitis tríú tír ar Chlár Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) nó ar ionstraimí ábhartha eile de chuid an Aontais.

(12) I mír 13 den Mholadh ón gComhairle an 6 Márta 2018 ([4]), maidir le treochlár i ndáil le cur chun feidhme PESCO, sonraíodh gur cheart tús a chur leis an obair chun coinníollacha ginearálta a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht eisceachtúil tríú Stáit a luaithe a bheidh an tacar comhchoiteann rialacha rialachais do na tionscadail agus do chomhlíonadh na ngealltanas de réir oird i bhfeidhm.

(13) An 15 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Chomhairle moladh ([5]) maidir leis na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú PESCO – na gealltanais sin ar mó de cheangal ag roinnt leo – a chomhlíonadh de réir oird agus maidir le cuspóirí níos beaichte a shonrú.

(14) Ba cheart tacaíocht a thabhairt do PESCO ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2015/1835 ón gComhairle ([6]).

(15) Is iomchuí mar sin coinníollacha ginearálta a bhunú faoina bhféadfaí cuireadh a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuspóir

Leis an gCinneadh seo, leagtar síos na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach i dtionscadail aonair PESCO.

Airteagal 2

Próiseas cuiridh

1. Féadfaidh tríú stát iarraidh a chur faoi bhráid chomhordaitheoir nó chomhordaitheoirí thionscadal PESCO a bheith rannpháirteach sa tionscadal sin. San iarraidh sin, beidh faisnéis leor-mhionsonraithe maidir leis na cúiseanna le páirt a ghlacadh sa tionscadal, chomh maith le raon feidhme agus foirm na rannpháirtíochta atá beartaithe, i gcéimeanna den tionscadal más infheidhme, agus tabharfar bunús ann le comhlíonadh na gcoinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3.

2. Ar iarraidh den chineál sin a fháil, déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha atá rannpháirteach sa tionscadal ("comhaltaí an tionscadail") measúnú, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an tríú Stát sin, an gcomhlíonann sé na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3.

3. Má chomhaontaíonn comhaltaí an tionscadail d'aon toil:

(a) gur mian leo cuireadh a thabhairt don tríú Stát a chuir an iarraidh isteach páirt a bheith rannpháirteach sa tionscadal,

(b) maidir le raon feidhme, foirm agus, más infheidhme, céimeanna iomchuí rannpháirtíocht an tríú Stát sin, agus

(c) go gcomhlíonann an tríú Stát na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3,

tabharfaidh comhordaitheoir nó comhordaitheoirí an tionscadail, le tacaíocht ó Rúnaíocht PESCO, fógra don Chomhairle agus don Ardionadaí dá réir. Áireofar san fhógra sin an iarraidh a chuir an tríú Stát isteach.

([4]) Moladh ón gComhairle an 6 Márta 2018 maidir le treochlár i ndáil le cur chun feidhme PESCO (IO C 88, 8.3.2018, lch. 1).

([5]) Moladh ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 maidir leis na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú buanchomhar struchtúrtha (PESCO) – na gealltanais sin ar mó de cheangal ag roinnt leo – a chomhlíonadh de réir oird agus maidir le cuspóirí níos beaichte a shonrú (IO C 374, 16.10.2018, lch. 1).

([6]) Cinneadh (CBES) 2015/1835 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar amach reacht, suíochán agus rialacha oibríochtúla na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (IO L 266, 13.10.2015, lch. 55).

4. Bunaithe ar an bhfógra dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, ina n-áirítear raon feidhme, foirm agus, más infheidhme, céimeanna ábhartha rannpháirtíocht an tríú Stát sa tionscadal, agus tar éis don Choiste Polaitiúil agus Slándála tuairim a thabhairt uaidh, glacfaidh an Chomhairle cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 46(6) CAE agus le hAirteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 an gcomhlíonann rannpháirtíocht an tríú Stát sa tionscadal sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Chinneadh seo.

5. Tar éis don Chomhairle cinneadh dearfach a dhéanamh dá dtagraítear i mír 4, seolfaidh comhordaitheoir nó comhordaitheoirí thionscadal PESCO, thar ceann chomhaltaí an tionscadail, cuireadh chun páirt a ghlacadh sa tionscadal sin chuig an tríú Stát a chuir an iarraidh isteach.

6. Ach é a bheith curtha in iúl ag an tríú Stát a chuir an iarraidh isteach do chomhordaitheoir nó do chomhordaitheoirí thionscadal PESCO go nglacann sé leis an gcuireadh, cuirfidh comhaltaí an tionscadail, nó an comhordaitheoir nó na comhordaitheoirí thar a gceann, tús le hidirbheartaíocht leis an tríú Stát sin d'fhonn socrú riaracháin a dhéanamh ina mbeidh páirteach comhaltaí an tionscadail, ag gníomhú dóibh d'aon toil, agus an tríú Stát sin, ar bhonn an teimpléid atá i gceangal leis an gCinneadh seo. Leis an socrú riaracháin sin, áiritheofar comhsheasmhacht le forálacha Chinneadh (CBES) 2017/2315 agus forálacha Chinneadh (CBES) 2018/909.

7. An tríú Stát dá dtugtar cuireadh páirt a ghlacadh sa tionscadal, rachaidh sé i bpáirt leis an tionscadal ar an dáta atá sonraithe sa socrú riaracháin dá dtagraítear i mír 6.

8. Cuirfidh comhordaitheoir nó comhordaitheoirí tionscadail PESCO na socruithe riaracháin dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo ar fáil do gach Ballstát rannpháirteach PESCO tríd an spás oibre leictreonach comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh (CBES) 2018/909.

Airteagal 3

Coinníollacha ginearálta

Ar bhonn eisceachtúil, féadfar cuireadh a thabhairt do thríú Stát a bheith rannpháirteach i dtionscadal PESCO, agus leanúint de bheith rannpháirteach, má chomhlíonann sé gach ceann de na coinníollacha ginearálta seo a leanas:

(a) déanann sé a chuid féin de na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, mar a leagtar síos iad in Airteagal 2 CAE, agus de na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 21(1) CAE, maille le cuspóirí CBES i bpointí (a), (b), (c) agus (h) d'Airteagal 21(2) CAE. Ní fhéadfaidh sé leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát a shárú, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an dea-chaidrimh chomharsanúil leis na Ballstáit, agus ní mór dó a bheith páirteach in idirphlé polaitiúil leis an Aontas, lenar cheart gnéithe slándála agus cosanta a chumhdach freisin agus páirt á glacadh aige i dtionscadal PESCO;

(b) cuireann sé breisluach substaintiúil leis an tionscadal agus cuidíonn sé lena chuspóirí a bhaint amach. I gcomhréir leis an tosaíocht atá ag cur chuige comhoibríoch Eorpach, agus i gcomhréir le hAirteagal 4(5) de Chinneadh (CBES) 2018/909, ní mór do na meáin a chuireann sé leis an tionscadal a bheith comhlántach leis na meáin arna gcur ar fáil ag na Ballstáit rannpháirteacha PESCO, mar shampla trí shaineolas teicniúil nó cumais bhreise a chur ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht oibríochtúil nó airgeadais, agus rannchuidiú, ar an gcaoi sin, le rath an tionscadail agus, dá bhrí sin, le dul chun cinn PESCO;

(c) rannchuidíonn a rannpháirtíocht leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) a neartú mar aon le leibhéal uaillmhéine an Aontais mar a cinneadh é sna conclúidí ón gComhairle an 14 Samhain 2016, lena n-áirítear mar thaca le misin agus oibríochtaí CBSC;

(d) ní fhéadfaidh a rannpháirtíocht a bheith ina cúis le spleáchais ar an tríú Stát sin ná le srianta arna bhforchur aige i gcoinne aon Bhallstát de chuid an Aontais, maidir le soláthar armála, taighde agus forbairt cumais, ná maidir le húsáid agus onnmhairiú arm nó cumas agus teicneolaíochta, lena gcuirfí bac ar an dul chun cinn nó lena gcuirfí cosc ar inúsáideacht, bíodh sé comhpháirteach nó eile, ar onnmhairiú nó imscaradh oibríochtúil an chumais arna fhorbairt sa tionscadal PESCO. Ní mór dó comhaontú a chur i gcrích ar leibhéal iomchuí maidir leis na coinníollacha faoina ndéanfar cumais agus teicneolaíocht arna bhforbairt mar chuid den tionscadal a chomhroinnt a thuilleadh lasmuigh de chreat PESCO, de réir an cháis, ionas nach n-úsáidfear na cumais sin i gcoinne an Aontais agus a Bhallstát;

(e) tá a rannpháirtíocht ag teacht leis na gealltanais is ceangailtí atá ag PESCO mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2315, go háirithe na gealltanais sin a bhfuil tionscadal PESCO ag cuidiú lena gcomhlíonadh, de réir shainiúlachtaí an tionscadail sin. Maidir le tionscadail atá dírithe ar chumais, ní mór freisin go rannchuideoidh a rannpháirtíocht le comhlíonadh na dtosaíochtaí a eascraíonn as an bPlean Forbraíochta um Chumas agus as an Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD), go mbeidh tionchar dearfach aici ar Bhonn Tionsclaíochta Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB), agus go mbeidh tionscal cosanta na hEorpa níos iomaíche dá barr. Go háirithe, ní mór go rannchuideoidh rannpháirtíocht tríú Stát i dtionscadal go príomha le hinfhaighteacht, le hin-imscarthacht agus le hidir-inoibritheacht fórsaí;

(f) tá Comhaontú um Shlándáil Faisnéise aige leis an Aontas, comhaontú atá i bhfeidhm faoi láthair;

(g) tá Socrú Riaracháin aige a bhfuil éifeacht aige leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2015/1835, lena gcuirtear an tionscadal chun feidhme le tacaíocht ó GEC, agus an páipéar seasaimh ábhartha ó GEC ([7]); agus

(h) tá gealltanas tugtha aige, san iarraidh uaidh ar rannpháirtíocht dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Chinneadh seo, a áirithiú go n-urramófar forálacha Chinneadh (CBES) 2017/2315 agus Chinneadh (CBES) 2018/909.

Airteagal 4

Cearta agus oibleagáidí tríú Stát atá rannpháirteach i dtionscadal PESCO

1. Le rannpháirtíocht tríú Stát i dtionscadal PESCO, urramófar na socruithe arna dtabhairt i gcrích ag comhaltaí an tionscadail eatarthu féin maidir leis an tionscadal a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Chinneadh (CBES) 2018/909. Beidh ag tríú Stát atá rannpháirteach i dtionscadal PESCO na cearta agus na hoibleagáidí arna gcinneadh i socrú riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 2(6) den Chinneadh seo a dhéanfaidh comhaltaí an tionscadail, ag gníomhú dóibh d'aon toil, agus an tríú Stát sin. Ní mór na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 den Chinneadh seo a urramú leis na cearta agus na hoibleagáidí sin agus féadfaidh na réimsí a leanas a bheith san áireamh leo:

(a) an tríú Stát a bheith i láthair ag cruinnithe arna gcomóradh faoi chuimsiú thionscadal PESCO;

(b) na róil agus na freagrachtaí a bheidh le feidhmiú ag an tríú Stát atá rannpháirteach i dtionscadal PESCO;

(c) raon feidhme na rannpháirtíochta ag an tríú Stát sa phróiseas cinnteoireachta laistigh de thionscadal PESCO;

(d) raon feidhme agus réimsí comhroinnte faisnéise idir comhaltaí an tionscadail agus an tríú Stát atá rannpháirteach i dtionscadal PESCO.

2. Féadfaidh an tríú Stát iarrtha páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta chun an tionscadal a chur chun feidhme, agus a rannchuidiú á chur san áireamh aige. Leis na socruithe dá dtagraítear i mír 1, urramófar uathriail cinnteoireachta an Aontais mar aon le cearta agus oibleagáidí na mBallstát rannpháirteach, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le rialú tionscadail gona thorthaí a choimirciú laistigh de chreat PESCO agus le cinnteoireacht i ndáil le comhaltaí an tionscadail nua a d'fhéadfadh a bheith ann, i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2017/2315, lena mbunaítear PESCO, agus leis an tacar coiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2018/909.

Airteagal 5

Sásra athbhreithnithe

1. Déanfaidh comhordaitheoir nó comhordaitheoirí tionscadail ina mbeidh tríú Stát rannpháirteach faisnéis, faoi rannchuidiú aonair an tríú Stát sin leis an tionscadal agus faoi chomhlíonadh a ghealltanas i leith an tionscadail, mar aon le comhlíonadh leanúnach na gcoinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 den Chinneadh seo, a chur in iúl do Rúnaíocht PESCO, i gcomhréir leis an nós imeachta agus na hamlínte a leagtar amach in Airteagal 2(2) de Chinneadh (CBES) 2018/909.

2. Tabharfaidh Rúnaíocht PESCO an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo don Chomhairle uair sa bhliain, i gcomhthéacs na tuarascála bliantúla maidir le PESCO ón Ardionadaí chuig an gComhairle agus mar chuid den fhaisnéis chomhdhlúite faoi thionscadail PESCO, dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh (CBES) 2018/909, chun a áirithiú go mbeidh an Chomhairle in ann maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na tionscadail agus gníomhú nuair is gá sin, lena n-áirítear maidir le fíorú go ndéanann an tríú Stát atá rannpháirteach sa tionscadal na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 den Chinneadh seo a chomhlíonadh go leanúnach.

Airteagal 6

Rannpháirtíocht tríú Stát i dtionscadal PESCO a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí

1. I gcás ina mbeidh a chinneadh a rannpháirtíocht a fhoirceannadh curtha in iúl do chomhaltaí an tionscadail ag tríú Stát atá rannpháirteach i dtionscadal PESCO, beidh éifeacht ag an bhfoirceannadh sin a luaithe a bheidh comhaltaí an tionscadail agus an tríú Stát sin tagtha ar chomhaontú maidir leis na coinníollacha a bhainfidh leis an bhfoirceannadh.

([7]) Páipéar seasaimh ó GEC maidir leis an gceanglas ar na tríú Stáit a bhfuil páirt á glacadh acu i dtionscadail PESCO Socrú Riaracháin a bheith acu le GEC (GEC201911157).

I gcás ina ndéanfar rannpháirtíocht tríú Stát i dtionscadal PESCO a fhoirceannadh, tabharfaidh comhordaitheoir nó comhordaitheoirí an tionscadail, le tacaíocht ó Rúnaíocht PESCO, fógra don Chomhairle agus don Ardionadaí dá réir.

2. Féadfaidh comhaltaí an tionscadail aontú, le linn an athbhreithnithe rialta dá dtagraítear in Airteagal 5 nó lasmuigh den athbhreithniú sin, gur cheart athmheasúnú a dhéanamh ar rannpháirtíocht tríú Stát i dtionscadal. I gcás mar sin, cuirfidh an comhordaitheoir tionscadail nó na comhordaitheoirí tionscadail an méid sin in iúl don tríú Stát sin.

Má chinneann comhaltaí an tionscadail rannpháirtíocht tríú Stát i dtionscadal PESCO a chur ar fionraí, tabharfaidh comhordaitheoir nó comhordaitheoirí an tionscadail, le tacaíocht ó Rúnaíocht PESCO, fógra don Chomhairle agus don Ardionadaí dá réir. Bunaithe ar an bhfógra sin agus tar éis tuairim a fháil ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála, féadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 46(6) CAE agus le hAirteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2017/2315 rannpháirtíocht an tríú Stát sa tionscadal a fhoirceannadh.

3. Má mheasann Ballstát amháin nó roinnt Ballstát nach bhfuil na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 den Chinneadh seo á gcomhlíonadh a thuilleadh le rannpháirtíocht tríú Stát i dtionscadal PESCO, féadfaidh siad an tsaincheist a tharchur chuig an gComhairle. I gcás den sórt sin, beidh comhairliúcháin idir na Ballstáit lena mbaineann, eadhon comhaltaí an tionscadail agus an Ballstát a bhfuil an tarchur á dhéanamh aige nó na Ballstáit a bhfuil an tarchur á dhéanamh acu, agus na comhairliúcháin sin á n-éascú ag an Ardionadaí. Faoi chuimsiú na gcomhairliúchán sin, inar féidir barúlacha an tríú Stát a éisteacht freisin, cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit a tharchuir an tsaincheist chuig an gComhairle an fhaisnéis riachtanach ar fad ar fáil don Ardionadaí i scríbhinn, agus leagfaidh sé nó siad amach an bunús atá leis an tarchur sin agus cuirfidh sé nó siad na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an tsaincheist a mhaolú in iúl don Ardionadaí. Scrúdóidh an tArdionadaí agus na Ballstáit lena mbaineann an tsaincheist le chéile agus féachfaidh siad le teacht ar réitigh leordhóthanacha laistigh de thréimhse dhá mhí. Má chinneann an Ballstát nó na Ballstáit a tharchuir an tsaincheist chuig an gComhairle fós, tar éis na gcomhairliúchán, nach bhfuil na coinníollacha ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3 den Chinneadh seo á gcomhlíonadh a thuilleadh le rannpháirtíocht tríú Stát i dtionscadal PESCO, féadfaidh siad a iarraidh ar an gComhairle an tsaincheist a scrúdú. I gcás den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha go léir ar fáil don Chomhairle. Ar an mbonn sin, ag gníomhú di i gcomhréir le hAirteagal 46(6) CAE, pléifidh an Chomhairle rannpháirtíocht an tríú Stát agus déanfaidh sí cinneadh maidir le leanúint leis an rannpháirtíocht sin.

4. Na coinníollacha faoina bhféadfaidh tríú Stát a rannpháirtíocht i dtionscadal PESCO a fhoirceannadh agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh comhaltaí an tionscadail rannpháirtíocht tríú Stát i dtionscadal PESCO a chur ar fionraí, déanfar iad a chinneadh leis na socruithe riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 2(6). Cinnfear go háirithe, leis na socruithe sin, cearta agus oibleagáidí chomhaltaí an tionscadail agus an tríú Stát a bhfuil a rannpháirtíocht foirceannta ag an tríú Stát féin nó ag an gComhairle nó curtha ar fionraí ag comhaltaí an tionscadail, faoi seach, lena n-áirítear maidir le gnéithe airgeadais an fhoirceanta nó na fionraí sin, cánacha, maoin intleachtúil agus gnéithe eile is ábhartha maidir leis an bhfoirceannadh nó leis an bhfionraí.

Airteagal 7

An gaol le tacar coiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO

1. Ní rialaítear na coinníollacha agus na nósanna imeachta faoina bhféadfaidh eintitis a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme thionscadail PESCO leis an gCinneadh seo ach amháin mar a leagtar amach san Airteagal seo. Déanfar athbhreithniú ar Chinneadh (CBES) 2018/909 faoin 31 Nollaig 2020, i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 9 de, go háirithe maidir le coinníollacha agus nósanna imeachta mar sin.

2. Faoi réir aon choinníollacha agus nósanna imeachta lena rialáiltear rannpháirtíocht eintiteas i dtionscadail PESCO a d'fhéadfaí a bhunú de bhun an athbhreithnithe ar Chinneadh (CBES) 2018/909 dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo:

(a) ní fhéadfaidh eintitis a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme thionscadail PESCO tar éis an 31 Nollaig 2025 ach ar bhonn conarthaí a tugadh i gcrích nó nósanna imeachta soláthair a seoladh roimh an dáta sin;

(b) eintitis atá bunaithe i dtríú Stát nár iarradh air de bhun Airteagal 2(5) a bheith rannpháirteach i dtionscadal PESCO roimh an 31 Nollaig 2021, eintitis atá á rialú ag na Stáit sin nó eintitis a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin ag na Stáit sin, ní fhéadfaidh siad a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme thionscadail PESCO tar éis an dáta sin ach amháin má chinneann an Chomhairle amhlaidh i gcomhréir le hAirteagal 46(6) CAE.

3. Cuirfear Cinneadh (CBES) 2018/909 i bhfeidhm go comhsheasmhach leis an gCinneadh seo.

4. Nuair a bheidh cinneadh déanta ag comhaltaí an tionscadail maidir le heintitis a roghnú, i gcomhréir le hAirteagal 7 (1) de Chinneadh (CBES) 2018/909, tabharfaidh siad an aird chuí ar leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát.

5. Áiritheoidh comhaltaí an tionscadail trédhearcacht iomlán *vis-à-vis* na Ballstáit rannpháirteacha uile maidir le rannpháirtíocht eintiteas sa tionscadal sin, tríd an spás oibre leictreonach comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh (CBES) 2018/909.

6. Má mheasann Ballstát go bhfuil a leasanna slándála agus cosanta nó leasanna an Aontais faoi bhagairt ag rannpháirtíocht eintitis i gcur chun feidhme tionscadail PESCO, féadfaidh sé an t-ábhar a thabhairt faoi bhráid na Comhairle, a fhéadfaidh faisnéis bhreise a iarraidh ar chomhaltaí an tionscadail, d'fhonn an staid a mheasúnú.

7. Déanfar Cinneadh (CBES) 2018/909 a leasú, i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 9 de, chun na coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht tríú Stát i dtionscadail aonair PESCO dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur san áireamh.

Airteagal 8

Athbhreithniú

Déanfar an Cinneadh seo a athbhreithniú nuair is iomchuí agus tráth nach déanaí ná deireadh 2022.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Samhain 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

IARSCRÍBHINN

TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH SOCRÚ RIARACHÁIN IDIR COMHALTAÍ AN TIONSCADAIL AGUS TRÍÚ STÁT

1. Réamhrá

2. Cuspóirí an tionscadail

3. Cúiseanna, raon feidhme, foirm agus méid na rannpháirtíochta

4. Comhlíonadh na gcoinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht ag an tríú Stát

5. Cearta agus oibleagáidí

6. Rannchuidiú aonair an tríú Stát leis an tionscadal

7. Dáta theacht i bhfeidhm na rannpháirtíochta, ré agus athbhreithniú

8. Foirceannadh nó fionraí

9. Dliteanas

10. Cúrsaí slándála, nochtadh agus úsáid faisnéise

11. Réiteach díospóidí

12. Forálacha críochnaitheacha